



IRISH TRANSLATORS' AND INTERPRETERS' ASSOCIATION
CUMANN AISTRITHEOIRÍ AGUS ATEANGAIRÍ NA HÉIREANN

Translation Competition for Secondary School Students – calling on all budding translators

The Irish Translators' and Interpreters' Association (ITIA) was set up in 1986 and is the only professional association in Ireland representing the interests of practising translators and interpreters.

Following the successful competition in 2016, the ITIA is once again organising a translation competition for secondary school students in Ireland and has added the languages Chinese (Mandarin) and Japanese.

Students are asked to translate an excerpt from a novel or short story from one of the following languages into English: French, Chinese, German, Irish, Italian Japanese or Spanish.

A prize of €100 will be awarded to the best translation for each language.

The deadline for receipt of translations is

5 pm, Monday, 15 May 2017.

Completed translations are to be sent **as a PDF attachment only** to

competition2017@translatorsassociation.ie

While students are encouraged to do online research and to use dictionaries, the use of a machine translation system such as Google Translate to actually translate the text is not permitted.

Please include your name, the name of your school and your year at school when submitting your translation.

Winners will be announced in July 2017. A prize-giving ceremony will be held in Dublin in September to present the winners with their prizes.

The texts for translation and details for submission are available on the [ITIA website](#)

Please address all queries to: competition2017@translatorsassociation.ie

Please note: the competition is not open to the families of members of the Association.

Translations submitted after the deadline will not be considered. The decision of the ITIA Executive Committee is final.



IRISH TRANSLATORS' AND INTERPRETERS' ASSOCIATION
CUMANN AISTRITHEOIRÍ AGUS ATEANGAIRÍ NA HÉIREANN

Translation Competition for Secondary School Students

Irish

Please translate the following text into English as if for publication in Ireland

Excerpt (adapted) from **Athaoibhneas** by Pádraic Óg Ó Conaire

Ag suaitheadh stroighne le cosán a chur sa chúlghairdín a bhí an Brianach, fear beag toirtiúil meánaosta, aghaidh lasánta air agus siúl **leata** aige, nuair a rith an iníon amach faoi dheifir á rá go raibh cigire scoile sa seomra suí.

‘Cén sórt duine é?’ ar seisean, bior ar a shúile le fiosracht.

‘Fear óigeanta fionn agus súile breátha ann, aghaidh an-chineálta air. Dheamhan mórán le cois cúig bliana ficheadh a d’fhéadfadh sé a bheith.’

Ghlan an Brianach a lámha i mála garbh a bhí caite ar runga dréimire cois na binne agus isteach leis sa seomra suí, gan an hata crua a bhaint de, agus chroith lámh go bríomhar leis an gcigire óg a bhí trom tuirseach tar éis Áth Luain. Uisce te agus gallúnach an chéad rud a d’iarr an cigire le bealadh agus gréis innealra an ghluaisteáin a bhaint dá lámha, mar bhí an t-inneall ag cliseadh air go mion minic ó Áth Luain gur shroich sé *Radharc an Chuain* sa Chrompán Caol.

Tar éis béile maith tae, a raibh iasc úr leis, a ithe, chuaigh sé suas go dtí an seomra folctha le hé fein a bhearradh. Ag féachaint amach an fhuinneog dó, agus ciseal gallúnaí ar dhéanamh crú capaill ar a aghaidh, fuair sé léargas maith ar Inis Liath, a bhí tuairim is trí mhíle amach ó ghob an Chrompáin Chaoil. Ba chosúil an t-oileán le ding mhór a bheadh leagtha anuas ar uachtar na mara, an ceann ramhar de thiar agus an ceann caol ag síneadh aniar i dtreo na mórthíre. Rinne sé iarracht tithe fionnaolta an oileáin a chomhaireamh, ach theip air. Mheas sé go raibh fiche, nó nó cúig is fiche, acu ann, i dteannta cúpla teach ceann tuí a bhí ar comhdhath leis an gcúlra.

An oíche sin agus é ag léamh nuachtán an lae, bhuail an Brianach isteach chuige agus d’fhiafraigh de ar mhiste leis teacht síos go dtí an chistín le ‘cúig is fiche’ a imirt.

‘Cé eile a bheas ag imirt?’ agus ba dhoicheall leis an dánacht a bhí an Brianach a dhéanamh air.

‘An sáirsint, fear an Phoist, Pat an tSiopa agus mé féin. Níl m’ínion basctha ag imirt dá bhféadfadh sí a hintinn a dhíriú ar an gcluiche, ach ar ndóigh, bíonn na hógmhnaí guagach, an-ghuagach,’ agus rinne sé leamhgháire.



IRISH TRANSLATORS' AND INTERPRETERS' ASSOCIATION
CUMANN AISTRITHEOIRÍ AGUS ÁTEANGAIRÍ NA HÉIREANN